



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Public Appointments Service

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Léigh go Cúramach Roimh Iarratas a Dhéanamh

## Oifigeach Cléireachais sa Státseirbhís 2018

Uimh. Aitheantais an Chomórtais: 18119606

**Dáta Dúnta: 3i.n. Déardaoin 5<sup>ú</sup> Iúil 2018**

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna.  
Reáchtálfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an feachtas earcaíochta seo de réir na gCód Cleachtais do Phoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP)- ar fáil ag [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie).

---

### SONRAÍ TEAGMHÁLA DO DHEASC CHABHRACH:

Earcaíocht Lión Mór Iarratas 2  
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí  
Áras na Caibidle,  
26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach,  
Baile Átha Cliath 1, DO1 C7W6.

Ríomhphost:

[Clerical2018@publicjobs.ie](mailto:Clerical2018@publicjobs.ie)

## 1. Tús

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) an comhlacht lárnach earcaíochta don tSeirbhís Phoiblí agus don Státseirbhís agus is iad a reáchtálfaidh an próiseas roghnaithe don chomórtas seo.

Ag deireadh an chomórtais, bunóidh PAS painéil de dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu chun folúntais a líonadh a d'fhéadfadh tarlú sa Státseirbhís. Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar oireadh agus dhá láthair (féach ar 'Próiseas Iarratais agus Roghnaithe' do na sonraí).

Tugann an Státseirbhís gairm an-sásúil agus éagsúil ina bhfuil téarmaí agus coinníollacha iomaíocha.

## 2. An Ról

Bíonn an cineál oibre a dhéanann foireann chléireachais ag brath ar an ngnó a bhíonn idir lámha ag an eagraíocht fostaíochta. Beidh cibé tascanna cléireachais/riaracháin a thabharfar don bhfostaí ó am go ham le comhlíonadh. Seo thíos cuid de na dualgais a bheidh ort a dhéanamh má cheaptar thú:

- Obair chléireachais ghinearálta, comhadú, fótachóipeáil, glaonna teileafóin a dhéanamh agus a fhreagairt, déileáil le ríomhphoist, dualgais ag an deasc fháiltithe srl faoi mhaoirseacht an bhainisteora atá i bhfeidhm;
- Tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí agus do chomhghleacaithe;
- Oibriú mar chuid d'fhoireann maidir le seirbhísí a sholáthar;
- Cumarsáid a dhéanamh agus déileáil leis an phobal/custaiméirí m.sh. freagra a thabhairt ar cheisteanna duine le duine, ar an teileafón nó trí ríomhphost;
- Na caighdeáin is airde i seirbhís do chustaiméirí a sholáthar;
- Teicneolaíocht Eolais a úsáid ar bhun laethúil m.sh. próiseáil focal, scarbhileoga, bunachar sonraí, ríomhphost agus an t-idirlíon;
- Taifid ar ardchaighdeán a choinneáil go cúramach agus eagraithe go maith;
- Gach cineál oibre a scrúdú lena chinntiú go ndéantar é ar ardchaighdeán;
- Gnáth-obair chuntasaíochta a dhéanamh;
- Tabhairt faoin obair go cúramach agus go stuama, a bheith cruinn i gcónaí, fiú amháin nuair atá gnáth-obair, obair a dhéantar arís is arís á dhéanamh.
- Aon dualgas eile a cheaptar atá fóirsteanach.

I gcásanna áirithe is féidir go mbeadh gá le scileanna speisialtacht ar leith m.sh. cuntais, scileanna teanga, scileanna clóbhuailte srl. Is féidir go roghnófar iarrthóirí oiriúnacha d'fholúntais dá leithéid.

### **3. Riachtanais Iontrála agus Cáilitheachta**

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a bheith acu roimh an dáta dúnta 5 Iúil 2018:

- an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí cuí chun an ról a chomhlíonadh, agus
- a bheith in ann an ról a chomhlíonadh ar ardchaighdeán, agus
- oideachas maith ginearálta a bheith agat, agus
- a bheith 17 mbliana d'aois ar a laghad roimh an dáta dúnta 5 Iúil 2018, i.e. rugadh thú ar nó roimh an 5 Iúil 2001, agus
- i do shaoránach iomlán, sláinte mhaith agus riachtanais ó thaobh dea-cháil de (féach thíos).

#### **Riachtanais Náisiúntachta**

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint gur féidir le saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) iarratas a dhéanamh ar an bpost. Is iad tíortha an Aontais Eorpaigh chomh maith leis an Íoslainn, an Lichtinstéin agus an Iorua tíortha an LEE. Is féidir le saoránaigh ón Eilvéis iarratas a dhéanamh fosta faoi comhaontú an AE. **Ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh den EEA roimh an dáta a ndéantar tairiscint ar phost ar bith.**

#### **Sláinte & Dea-cháil**

Ní mór sláinte mhaith a bheith ag iarrthóirí, a bheith in ann an obair a thugtar dóibh a dhéanamh agus ní mór dea-cháil a bheith orthu. Beidh ar dhaoine atá á meas don phost deimhniú sláinte agus carachtair agus Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda a shíniú. Lorgófar teistiméireachtaí. Beidh imréiteach slándála riachtanach do phoist áirithe. Sa chás go mbeadh coinbhleacht leasa, is féidir nach gcuirfí iarrthóirí faoi mheas do phoist áirithe.

#### **Grinnfhiosrú an Gharda agus Réiteach Slándála**

Beidh ort foirm ghrinnfhiosrúcháin leictreonach an Gharda a líonadh má táthar do mheas do cheapachán. Cuirfear an fhoirm ar aghaidh chuig An Garda Síochána do scrúdú slándála faoi gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart na hÉireann a raibh tú i do chónaí acu. Sa chás áfach nach n-éiríonn le d'iarratas ar an chomórtas seo, scríosfaidh PAS an fhoirm seo. Má chuirtear thú san áireamh do phost eile, beidh ort Foirm Ghrinnfhiosrúcháin eile a chomhlíonadh. Tá Imréiteach Slándála Speisialta riachtanach do cheapachán in oifigí nó i ranna áirithe.

Má bhí tú i do chónaí nó ag staidéar i dtíortha taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh 6 mhí nó níos mó tá sé éigeantach ort Teastas Imréitigh Póilíneachta a fháil ó na tíortha sin ag deimhniú nár taifeadadh aon choir i d'aghaidh le linn duit a bheith i do chónaí ann. Beidh ort Teastas Imréitigh Póilíneachta a sholáthar maidir le gach tír a raibh tú i do chónaí ann. Ní mór go mbeadh an dáta imréitigh tar éis an dáta ar fhág tú an tír. Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir aon eolas a gheofar i bpróiseas Seiceála an Gharda a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

Tá freagracht ORTSA imréiteach slándála a lorg in am mar go dtógann sé roinnt ama. Ní shannfar iarrthóirí i bpost mura dtugtar an t-eolas seo agus go dtí go bhfuil an réiteach slándála sásúil.

#### **Comhaontú: Íocaíochtaí Iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí.**

Thug litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe den 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra, isteach Comhaontú Comhchoiteann a socraíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí, le bheith i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2012. Tá sé mar choinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a ghlacann leis an chomhaontú i dteideal fostaíochta arís sa tseirbhís phoiblí ó aon

chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009-2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríochnaigh an fhostaíocht. Beidh ar dhaoine a ghlac scéim VER agus a d'éireodh leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

#### **Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER):**

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais nach féidir le daoine ar scor iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht céanna nó sa rannán céanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an phost seo.

#### **An Roinn Sláinte agus Leanaí Ciorclán (7/2010):**

Thug Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2000 den 1 Samhain 2010 isteach Scéim Spriocdhírthe Luathscoir Dheonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonacha (VRS). Tá sé mar choinníoll den scéim VER nach mbeidh daoine a ghlacann an scéim i dteideal a bheith fostaithe arís in earnáil na sláinte poiblí nó sa tseirbhís poiblí i gcoitinne nó i bhforas a fhaigheann maoiniú i bpáirt nó go hiomlán ó airgead poiblí. Tá an cosc céanna ar ath-fhostaíocht i bhfeidhm faoi VRS ach go maireann an tréimhse coiscthe 7 mbliana. Níl duine ar bith a ghlac páirt i VER i dteideal iarratas a dhéanamh ar an chomórtas. Beidh ar dhaoine a ghlac scéim VER agus a d'éireodh leo sa chomórtas seo a dteidlíocht a chruthú (críoch le tréimhse gan bheith i dteideal).

#### **(Litir LG/P 05/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil**

Chuir an Litir LG/P ón Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil Scéim Dheonach Luathscoir i bhfeidhm d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an Chomhaontaithe: Íocaíochtaí iomarcaíochta do Sheirbhísigh Phoiblí den 28 Meitheamh 2012 mar a shonraítear thuas, is coinníoll den Scéim VER sin nach mbeidh fostaithe i dteideal a bheith fostaithe arís i bhforas Seirbhíse Poiblí ar bith [mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe leis an Phobal 2009 2011 agus in Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile)] ar feadh tréimhse dhá bhliain ón dáta a fhágann siad faoin Scéim seo. Beidh na coinníollacha seo i bhfeidhm sa chás go mbaintear feidhm as seirbhís ar bhun conartha (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chonraitheoir).

#### **Dearbhú:**

Ní mór d'iarrthóirí a dheimhniú má ghlac siad scéim luathscoir dhreasaithe na seirbhíse poiblí. Beidh ar iarratasóirí fosta aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Státseirbhíse (trí íocaíocht nó trí leasú) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhu agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

#### 4. An Próiseas Iarratais agus Roghnaithe

##### Rogha Áiteanna

Ar an fhoirm iarratais is féidir leat **do rogha dhá ionad** ar a mhéid a roghnú, sa liosta thíos ina bhfuil tú toilteanach oibriú iontu:

*Ceatharlach An Cabhán An Clár Corcaigh Dún na nGall Gaillimh*

*Ciaraí Cill Dara Cill Chainnigh Co. Laoise Liatroim Luimneach*

*An Longfort Lú Maigh Eo An Mhí Muineachán Úibh Fhailí*

*Ros Comáin Sligeach Tiobraid Árann An Iarmhí Loch Garman*

Níor chóir duit ach ceantair ina mbeifeá toilteanach dul ag obair iontu a roghnú má thairgtear ceapachán duit. **Chomh luath agus a chuireann tú do rogha ceantair isteach ní bheidh cead athruithe a dhéanamh.**

Bí ar an eolas go mbainfear iarrthóir ó gach painéal chomh luath agus a thugtar fógra faoi shannadh. Má dhiúltaíonn siad tairiscint ar iarratas áfach, agus go ndeireann siad sin eis an tSCP taobh istigh de chúig lá ó dháta fhógra an tsannta, is féidir iarrthóir a choinneáil faoi mheas do phost san ionad eile dá rogha.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas gur féidir nach dtarlóidh folúntais i ngach ceann de na hionaid a fhad is atá an painéal seo beo.

Fógrófar comórtas d'Oifigeach Cléireachais Gaeilge gan mhoill. Bí ar an eolas gur féidir go bhfógrófar comórtas d'Oifigeach Cléireachais do mhórchearntar Bhaile Átha Cliath go luath i 2019.

##### Gnéithe Praiticiúla

###### **Ceisteanna maidir le hAinm Úsáideora / Pasfhocal**

***An bhfuil dearmad déanta agat ar do d'ainm úsáideora agus do phasfhocal?***

Má tá, cliceáil ar an nasc seo

<https://www.publicjobs.ie/candidateportal/home/forgottenDetails.do>

###### ***Conas teagmháil a dhéanamh le PAS?***

*Má tá deacracht agat fós le 'Ainm Úsáideora' nó 'Pasfhocal' cuir ríomhphost chuig [dublinclerical2017@publicjobs.ie](mailto:dublinclerical2017@publicjobs.ie) ag míniú do dheacrachtaí agus tabhair d'ainm agus do shonraí teagmhála, uimhir theileafóin san áireamh chun gur féidir teagmháil a dhéanamh leat.*

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige amháin go dtí an dáta dúnta.

- Tá sé tábhachtach go gcoinníonn tú d'ainm úsáideora agus do phasfhocal mar go mbeidh siad ag teastáil uait chun teacht ar do Bhord Teachtaireachtaí ar Publicjobs.
- Déanfar teagmháil le hiarrthóirí le linn an phróisis iarratais don chuid is mó ar líne. Cuirfidh PAS an chuid is mó de chumarsáid trí Bhord Teachtaireachtaí publicjobs. Moltar duit féachaint ar Chlár Teachtaireachtaí go rialta mar is féidir go n-aistreofaí fógraí ríomhphoist faoi shonraí nua/ tástálacha/ Agallaimh etc a chuirtear chuig Clár na d'Teachtaireachtaí chuig do chomhad ríomhphoist do Dhramhaíl/Turscar (nó 'Cur Chun Cinn' maidir le gmail). Moltar duit freisin féachaint ar na comhaid seo ar fad go minic.
- Ní bheidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí freagrach as cumarsáid nár oscail nó nach bhfuair an t-iarratasóir. Ní mór dóibh a chinntiú go bhféachann siad to rialta ar a mBord Teachtaireachtaí agus go bhfaigheann siad gach cumarsáid a chuireann PAS chucu.
- Ní mór d'iarrthóirí a seoladh ríomhphoist bailí **féin** a úsáid. Ní ghlacfar le seoltaí ríomhphoist ó thríú páirtithe agus is féidir go gcuirfidh siad d'iarratas ar ceal. Ní thabharfaidh PAS eolas faoi iarratais ach don iarrthóir amháin agus ní thabharfaidh siad eolas do thríú páirtí.
- Moltar go láidir duit gan an seoladh ríomhphoist nó uimhir an teileafóin póca a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar go gcuirfear aon ríomhphost/teachtairacht téacs chuig an seoladh ríomhphoist/uimhir theileafóin a tugadh ar dtús (féach ar alt Bord Teachtaireachtaí Publicjobs thíos).
- Má thugtar cuireadh duit chuig tástálacha / nó agallamh, is faoin iarrthóir féin a bheith ar fáil ar an dáta(i) a shonraíonn PAS. Mura mbíonn tú i láthair ar an dáta/ ag an am a thugtar duit, glacfar leis gur tharraing tú siar as an chomórtas.

### **Conas Iarratas a Dhéanamh**

Ní mór iarratas a dhéanamh ar líne tríd [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie). Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a chomhlíonadh, an fhoirm chaighdeánach agus an fhoirm mhionsonruithe.

Sula ndéantar iarratas ba chóir d'iarrthóirí logáil isteach ar [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie) agus mura bhfuil sé déanta cheana, ní mór duit clárú mar 'Úsáideoir Nua' chun próifíl a chruthú (cláraigh cuntas nua). Bí ar d'aire nach ionann clárú (próifíl a chruthú) agus iarratas a chur isteach. Nuair atá próifíl cruthaithe agat ní mór duit an fhoirm iarratais a fháil, a chomhlíonadh agus a chur isteach.

Má tá tú ag úsáid an bhrabhsálaí gréasáin "Chrome" agus má tá fadhbanna agat, cliceáil air seo: (*Available [here](#)*)

Chomh luath agus a chuireann tú d'fhoirm iarratais isteach moltar duit filleadh ar do chuntas Poist Phoiblí agus a chinntiú go bhfuil sé curtha faoi bhráid tríd 'M'Iarratais'. Ag an staid seo ba chóir duit publicjobs.ie a chur le do liosta de dhaoine nó de theagmhálaithe sábháilte i do chuntas ríomhphoist chun nach gcuirfear cosc ar ríomhphost ó publicjobe.ie.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá comhlíonta go hiomlán agus a chuirtear faoi bhráid i gceart san fheachtas. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.

### **Dáta Dúnta**

Is é an dáta deireanach ar a nglacfar le hiarratais chomhlánaithe ná **3i.n. an Déardaoin 5 Iúil 2018.**

**Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dúnta.**

Mura bhfaigheann tú admháil faoi d'iarratas taobh istigh de dhá lá oibre ó lá d'iarratais, cliceáil ar d'fhilteán 'Dramhaíl/Turscar' mar gur féidir fógraí i ríomhphost a dhíriú isteach i bhfillteáin 'Dramhaíl/ Turscair' (nó promotions i gcás gmail). Sa chás nach bhfuair tú an t-admháil fós cuir ríomhphost chuig [Clerical2018@publicjobs.ie](mailto:Clerical2018@publicjobs.ie) agus cuir isteach d'ainm, UA iarrthóra agus sonraí teagmhála. Ba chóir d'iarrthóir a bheith ar an eolas go mbeidh tacaíocht ar fáil le linn uaireanta oifige go dtí an dáta dúnta.

### **Próiseas Roghnaithe**

Beidh ar iarrthóirí trialacha a dhéanamh lena fháil amach cén cumas atá acu chun a ról cléireachais a chomhlíonadh. Cuirfear níos mó eolais faoi na modhanna roghnaithe agus na dátaí cinnte d'iarratasóirí de réir mar a théann an próiseas ar aghaidh.

Is féidir go n-úsáidfeadh na modhanna roghnaithe seo thíos chun iarrthóirí cuí a roghnú do phoist:

- Ceistneoir ar líne a chomhlíonadh;
- Triail(acha) ar líne agus / nó bunaithe ar pháipéar;
- Agalla(i)mh;
- Aon triail /cleachtadh eile a cheaptar atá cuí.

Ní mór d'iarrthóirí dul san iomaíocht agus an t-ionad is airde a bhaint amach chun go gcuirfí iad faoi mheas le dul ar aghaidh chuig an chéad staid eile den phróiseas roghnaithe. Socróidh PAS líon na ndaoine a ghlaofar ó am go ham.

Is cuma cén ceantar ar leith a roghnaigh tú, ní féidir leat na staideanna éagsúla den phróiseas roghnaithe a dhéanamh, an t-agallamh san áireamh ach uair amháin. Sula moltar aon duine do cheapachán, déanfar gach fiosrúchán a cheapann PAS is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú.

### **Measúnú ar Líne**

Faoi mar atá sonraithe, is féidir go mbeidh cúpla staid i gceist sa phróiseas roghnaithe. Beidh ceistneoir measúnaithe ar líne i gceist i Staid 1.

Níl aon fheidhm nó aon bhaint ag PAS agus ní mholann PAS aon chúrsa ullmhúcháin a sholáthraítear a bhaineann leis an phróiseas roghnaithe.

Chun cabhrú le hiarrthóirí a bheith ar fáil agus maidir lena gcúinsí áirithe féin, déanfar an chéad staid den phróiseas roghnaithe ar líne agus beidh sé riachtanach freastal ar thriail / agallamh níos moille. Ní bheidh maoirseacht i gceist maidir leis na trialacha tosaigh ar líne agus is féidir le hiarrthóirí iad a dhéanamh in ionad dá rogha féin, áit a bhfuil ríomhaire agus ceangal idirlíne maith ar fáil acu.

Ba chóir duit a bheith ar an eolas agus tú ag déanamh na dtrialacha seo ar ghréasáin TE slán m.sh. gréasán i d'áit oibre nó i gcoláiste gur féidir go bhfuil firewall nó teicneolaíocht chosanta eile i bhfeidhm, gur féidir go mbeadh deacrachtaí teicniúla agat. Ba chóir duit smaoineamh ar do thrialacha a dhéanamh in áit eile nach bhfuil na srianta céanna ar an idirlíon. **Is fútsa a chinntiú a bhfuil an t-idirlíon ar fad go hiomlán agat chun na trialacha a chomhlíonadh.** Ba chóir duit a chinntiú gur féidir leat na trialacha a chomhlíonadh in áit chiúin inar féidir leat díriú ar an obair agus gan aon rud ag cur isteach

ort le linn na dtrialacha. Moltar duit an Ceistneoir a dhéanamh ar PC nó ar ríomhaire glúine agus luch a bhfuil taithí agat air a úsáid. Ná déan iarracht an Ceistneoir a dhéanamh ar smart phone, ar fón póca nó ar tháibléad.

Tá sé tábhachtach gurab é an seoladh ríomhphoist a thugann tú an ceann is féidir leat a theacht air i gcónaí. Tabharfar tréimhse ama ar leith d'iarrthóirí chun an ceistneoir agus na trialacha a chomhlíonadh. Cuirfear nasc chuig an triail measúnaithe ar líne trí ríomhphost chuig Bord Teachtaireachtaí na n-iarrthóirí roimh an am atá ar fáil don triail. I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann an ceistneoir roimh an dáta deiridh, glacfar leis nach bhfuil suim níos mó acu sa chomórtas agus ní thabharfar tuilleadh airde ar a n-iarratais.

Ní mór d'iarrthóirí an caighdeán cáilithe a bhaint amach sna trialacha ar fad. Cuirfear eolas eile 'Eolas Roimh an Triail' chuig iarrthóirí roimh Staid 1.

Má táthar do mheas chun dul ar aghaidh chuig na staid eile den phróiseas roghnaithe, cuirfear eolas chugat ag an am cuí.

### **Iarrthóirí faoi Mhíchumas**

Beidh ar iarrthóirí a shonraíonn ina n-iarratais go bhfuil riachtanais speisialta acu tuairisc leighis nó ó shíceolaí a chur chuig PAS. Is é is cúis leis an tuairisc eolas a thabhairt do PAS chun gur féidir cóiríocht réasúnta a chur ar fáil más cuí.

**Ba chóir na tuairiscí seo a chur chuig Troy Murphy, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, 26-30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1 roimh am dúnta gnó ar an Luan 9 Iúil 2018.**

Má rinne tú iarratas ar chomórtas cheana leis an tSCP agus gur chuir tú tuairisc faoi bhráid, cuir ríomhphost chuig [Amanda.kavanagh@publicjobs.ie](mailto:Amanda.kavanagh@publicjobs.ie) lena dheimhniú go bhfuil do thuairisc faoi chomhad.

## **5. Na Príomh-Choinníollacha Seirbhíse**

### **Ginearálta**

Tá an ceapachán faoi réir ag Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, ag an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, agus ag cibé Acht eile atá i bhfeidhm de thuras na huairde i dtaca leis an Státseirbhís.

Ceapachán i bpost bunaithe sa Státseirbhís ar thréimhse phromhaidh aon bhliana ó dháta an cheapacháin atá i gceist. D'ainneoin an ailt seo agus an ailt díreach ina dhiaidh seo thíos, ní chuirfidh sé cosc ar shíneadh an chonartha phromhaidh más cuí. Le linn na tréimhse promhaidh beidh obair an cheapaí faoi réir ag athbhreithniú a dhéanfaidh do mhaoirseoir(í) chun na nithe seo a leanas a chruthú:

(i) go bhfuil do chuid oibre sásúil,

(ii) gur iompair tú tú féin ar bhealach sásúil, agus

(iii) go bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go mór mór maidir le saoire bhreitheachta

Sula dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse promhaidh déanfar cinneadh maidir le cé acu a choinneofar an t-oifigeach nó nach gcoinneofar de bun Ailt 5A (2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956-2005. Bunófar an cinneadh seo ar an gcaoi ar chruthaigh an t-oifigeach é/í féin de réir na slat tomhais a leagtar amach in (i) go dtí (iii) thuas. Míneofar mionsonraí



an phróisis phromhaidh don cheapaí agus tabharfar cóip de threoirlínte na Roinne Cateachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an tréimhse phromhaidh dó/di.

### **Tuarastal Oifigeach Cléireachais Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (PPC) ón 1 Eanáir 2018**

€442.84 €471.81 €479.18 €493.54 €514.73 €535.87 €557.02 €578.14 €598.72

€619.29 €633.78 €654.14 €674.38 €705.94 €730.76 €742.14

MAX LSI1 LSI2

Beidh an ráta seo i bhfeidhm más iontrálaí nua nó státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha an ceapaí ar nó roimh 6 Aibreán 1995 agus ag íoc ranníocaíocht phearsanta pinsin.

Íocfar an ráta éagsúil más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú roimh an 6 Aibreán 1995 agus **nach gá dó/di** Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse (IFS1) tar éis 3 agus 6 bliana (IFS2) de sheirbhís shásúil ag an scála is airde.

### **Fógra Tábhachtach**

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an scála tuarastail is ísle agus ní féidir é a phlé agus is féidir go n-athrófaí an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais. Is féidir go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm más státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú faoi láthair.

Má tá an obair sásúil, íocfar incrimintí ag teacht le Polasaí reatha an Rialtais.

### **Tionacht**

Tá sé beartaithe poist bhuana a líonadh ón chomórtas seo.

### **Saoire Bhliantúil**

Ceadaítear 22 lá mar Shaoire Bhliantúil agus ceadaítear 23 lá tar éis seirbhís cúig bliana agus 24 lá tar éis seirbhís 10 mbliana, 25 lá tar éis seirbhís 12 bhliain agus 26 lá tar éis seirbhís 14 bliana. Bunaítear an tsaoire bhliantúil, atá faoi réir na ngnáth-choinníollacha a bhaineann le ceadú saoire bhliantúla, ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáth-laethanta saoire poiblí san áireamh.

### **Uaireanta Freastail**

Beidh na huaireanta freastail de réir mar a shocrófar iad ó am go ham. De ghnáth is é 43 uair a chloig agus 15 bhomaite na huaireanta atá i gceist. Beidh ar an cheapaí a bheith ag obair cúig lá sa tseachtain. Socróidh an Roinn/eagraíocht fostaithe na huaireanta oibre ar leith.

### **Dualgais**

Ní mór do cheapaithe cibé dualgais a shanntar dóibh ó am go chéile, agus atá oiriúnach don phost, a chomhlíonadh.

### **Fostaíocht Sheachtrach**

Post lánaimseartha atá ann agus ní bheidh cead ag cheapaithe gabháil do chleachtas príobháideach nó níl sé ceadmhach baint a bheith aige/aici le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar do dhualgas oifigiúil a chomhlíonadh.

## Ceanncheathrú

Beidh ceanncheathrú an té a cheapfar lonnaithe de réir mar a ainmneoidh Ceannasaí na Roinne / na hEagraíochta ó am go ham. Nuair a bhítear ar dualgas, agus as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú dá bharr, íocfar costais chúí taistil agus liúntais chothaithe le ceapaithe de réir na ngnáth-rialacha.

## Saoire Bhreiteachta

Íocfar pá i gcás a bheith as láthair ón obair de bharr breiteachta má thugtar deimhniú cuí, de réir fhorálacha sa chiorclán um shaoire bhreiteachta.

## Aoisliúntas agus Scor

Tabharfar na téarmaí agus na coinníollacha i dtaca le haoisliúntas atá i bhfeidhm ag an am sa Státseirbhís nuair a dhéantar an ceapachán, don té a cheapfar. I gcoitinne, tairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí mar bhall de Scéim Phinsin Shingil Seirbhíse Poiblí ("Scéim Shingil). Tá sonraí uile na Scéime ar fáil ag <http://www.per.gov.ie/pensions>.

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí scéime neamh-shingil) san 26 seachtaine roimh an cheapachán nó ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá is féidir go mbeadh coinníollacha difriúla i bhfeidhm. Socrófar teidlíocht pinsin cheapaithe dá leithéid de réir cibé cuntas fostaíochta seirbhíse poiblí atá acu.

Is iad seo thíos príomh-fhorálacha maidir le ballraíocht den Scéim Shingil:

- Aois Phinsin Ní íocfar pinsean roimh aois 66 bliain (ag ardú go dtí aois 67 i 2021 agus 68 i 2028) de réir athruithe aoise i bPinsean an Stáit.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill na scéime scor ag aois 70 bliain.
- Úsáidtear an meán-tuarastal le linn na gairme chun leas a áireamh (cuirtear suim pinsin agus cnapshuim le chéile gach bliain agus tugtar ráta nua dóibh gach bliain de réir an CPI).
- Tá méadú i bpinsean scoir an phoist ceangailte le CPI.

## Laghdú ar Phinsean

- Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus ag saothrú pinsin ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó má thagann pinsean ón Státseirbhís / Seirbhís Phoiblí i bhfeidhm le linn a ath-fhostaíochta, beidh an pinsean **faoi réir ag lacáiste** de réir Acht na bPinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha Eile) 2012.
- **Tabhair faoi deara:** Nuair a dhéanann tú iarratas ar an phost seo glacann tú leis go dtuigeann tú go mbeidh an fhoráil do lacáiste, más cuí, i bhfeidhm. Ní cheaptar go nglacfaidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar ath-scaoileadh lacáiste i dtaca le ceapachán sa phost seo.
- Má bhí an duine a cheaptar fostaithe cheana sa Státseirbhís, áfach, agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas Scéim Dhreasaithe Luathscoir (ISER), nó de Chiorclán 7/2010 VER/VRS na Roinne Sláinte, nó de Chiorclán LG(P) 06/2013 den Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe don chomórtas), ní bheidh an duine a cheaptar i dteideal an phinsin sin ó dháta an ath-cheapacháin. Déanfar socruithe speisialta áfach ionas go gcuirfear san áireamh cibé iar-sheirbhís a thug an t-oifigeach go n-uige seo chun críocha aon aoisliúntas a d'fhéadfadh an t-oifigeach a bheith i dteideal sa todhcháí.

- **Ciorclán 102/2007 Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir seachas i gcásanna a leagtar amach in alt 10.2 agus 10.3 den chiorclán cuí agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shraitheanna 1,2 nó 3** den scéim seo agus má fhostaítear é/í ar dhóigh ar bith **i réimse ar bith san earnáil phoiblí, cuirfear stad láithreach** le híocaíocht phinsin don duine sin. Déanfar íocaíochtaí pinsin áfach nuair a chríochnóidh an fhostaíocht sin nó ar an 60ú lá breithe an duine, cé acu is déanaí, ach nuair a thosóidh sé arís beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe an duine mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a tugadh roimhe seo san áireamh nuair atá íocaíocht pinsin á áireamh).

- **Scor de Bharr Droch-Shláinte**

Tabhair faoi deara i gcás go bhfuil duine éirithe as foras Sibhialta/Seirbhís Phoiblí mar gheall ar easláinte, gur féidir go ndéanfaí athbhreithniú ar pinsean an duine sin ón fhostaíocht sin de réir rialacha a bhaineann le scor de bharr easláinte taobh istigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

### **Fabhrú Pinsin**

Beidh teorainn 40 bliain seirbhíse san iomlán gur féidir a áireamh do pinsean i gceist sa chás go raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e. Scéim neamh-shingil) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain seo san Acht Pinsean Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil agus Forálacha eile) 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin do dhuine ar bith le ceapadh a shaothraigh cearta pinsin ó fhostaíocht cheana sa tSeirbhís Phoiblí.

### **Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Tá an ceapachán seo faoi réir ag asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Beartas Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009. Bí ar an eolas go dtiocfaidh an Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais (ASC) i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2019 in ionad an PRD de réir an Acht Pá agus Pinsean Seirbhíse Poiblí 2017.

Tá tuilleadh eolais faoin Scéim Pinsin Shingil do Sheirbhísigh Phoiblí ar fáil ar an suíomh gréasáin seo: [www.singlepensionscheme.gov.ie](http://www.singlepensionscheme.gov.ie)

## **FÓGRA TÁBHACHTACH**

**Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ar intinn gur liosta cuimsitheach atá ann ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a bheidh leagtha amach sa chonradh fostaíochta a aontófar leis an iarrthóir a cheapfar**

## **6. Eolas Ginearálta**

### **Cead isteach ar chomórtas**

Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, nó ma thugtar litir ag rá gur eirí leis/leí, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

### **Ceapachán ó phainéil**

Ag deireadh an phróiseas roghnaithe bunaítear painéa(i)l d'iarrthóirí cáilithe as ar féidir go líonfar folúntais. Is féidir go mairfidh an painéal ar feadh dhá bhliain. Is ionann painéal agus liosta iarrthóirí cáilithe ar ord fiúntais ó Staid 3 den phróiseas roghnaithe.

Má tharlaíonn folúntas agus go mbaintear a n-áit amach, déanann iarrthóirí an staid dheiridh den phróiseas roghnaithe. Sula moltar aon duine don cheapachán seo, déanfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an eagraíocht fostaithe gach fiosrúchán a cheaptar is gá chun oiriúnacht an iarrthóra sin a shocrú m.sh. teistiméireachtaí ó fhostóirí, grinnfhiosrú an Gharda, chun oiriúnacht an iarrthóra a shocrú. Ní féidir socrú deiridh a dhéanamh nó ní féidir glacadh leis go bhfuil socrú deiridh déanta, go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe go hiomlán.

Bí ar an eolas go mbainfear iarrthóir ó gach painéal chomh luath agus a thugtar fógra faoi shannadh. Má dhiúltaíonn siad tairiscint ar iarratas áfach, agus go ndeireann siad sin leis an tSCP taobh istigh de chúig lá ó dháta fhógra an tsannta, is féidir iarrthóir a choinneáil faoi mheas do phost san ionad eile dá rogha.

Níl aon chinnteacht ann go gceapfar duine i bpost má cháilíonn sé/sí nó má chuirtear é/í ar phainéal.

### **Iarratais ar Athsceidealú**

Ní phléifear le hiarratais ar ath-sceidealú ach i gcásanna fíor-eisceachtúla de réir mar a shocraíonn an tSCP (e.g. Bás/Tinneas). Bí ar an eolas gur féidir go lorgóidh an tSCP tacaíocht i ndoiciméad mar fhianaise.

### **Teistiméireachtaí**

Má thugtar cuireadh duit chuig agallamh, ba chóir duit teistiméireachtaí ó iar-fhostóirí (bunchóip agus cóip), a thabhairt leat más féidir. Is féidir gur leor teistiméireacht ó scoil/ollscoile mar bhfuil taithí ar obair agat. Ba chóir go léireodh na teistiméireachtaí eolas le déanaí a thabhairt faoi d'obair agus d'iompar san ionad oibre. Má éiríonn leat san agallamh agus go bhfuil tú faoi mheas, beidh orainn teistiméireacht a fháil ó d'fhostóir reatha sula molfar thú do cheapachán. Ní leor ráiteas faoi fhostaíocht agus ní ghlacfar leis mar theistiméireacht ó fhostóir.

### **Critéir ar leith an iarrthóra**

Chomh maith leis na cáilíochtaí riachtanacha, ba chóir na nithe seo a bheith ag an iarrthóir:

- an t-eolas agus an cumas a bheith acu chun dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- a bheith fóirsteanach ó thaobh dea-cháil de;
- A bheith fóirsteanach don cheapachán ar gach slí;
- Má éiríonn leo, ní cheapfar iad ach mar seo:
  - Aontaíonn siad dualgais an phoist a chomhlíonadh agus glacann siad leis na coinníollacha a bhaineann le, nó a d'fhéadfadh a bheith bainteach le, dualgais an phoist a chomhlíonadh;
  - Go bhfuil siad iomlán inniúil agus go dtuigeann siad go hiomlán, dualgais an phoist.

### **Costais nach níoctar**

Ní íocfar aon chostas a chuireann iarrthóirí orthu féin le linn dóibh a bheith ag freastal ar nó ag déanamh aon ghné den phróiseas roghnaithe.

### **Nuair a mheastar iarrthóireacht a bheith tarraingthe siar**

Ní chuirfear faoi mheas níos mó, iarrthóirí nach gcomhlíonann nó nach gcuireann an Ceistneoir ar Líne isteach roimh an dáta a shonraítear; nó nach bhfreastalaíonn/ nach gcomhlíonann aon staid ina dhiaidh den phróiseas roghnaithe nó ar thriail nuair a iarrann PAS a leithéid, nó nach dtugann aon fhianaise a lorgaíonn PAS maidir le haon ghné dá n-iarrthóireacht.

Ní mór d'iarrthóirí gach doiciméad, foirmeacha a d'iarr PAS a líonadh san áireamh, a sholáthar taobh istigh de chúig lá. Mura ndéantar seo, glacfar leis gur tharraing an t-iarrthóir as an chomórtas agus ní thabharfar aon aird ar a n-iarrthóireacht anois.

### **Tairiscint ar cheapachán a dhiúltú**

Sa chás go ndiúltaíonn duine a mholtar do cheapachán an ceapachán sin, nó má éiríonn sé/sí as tar éis dó/di glacadh leis an gceapachán, féadfaidh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó an eagraíocht fostaithe, mar is toil leo, an dara duine a roghnú agus a mholadh le ceapadh de thoradh an chomórtais seo.

### **Rúndacht**

De réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003, agus aon imréiteach slándála agus/nó fiosrúchán, is féidir leat a bheith cinnte go bpléitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí a bhainistíonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le hardrúndacht agus nach dtugtar aon eolas d'éinne taobh amuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ghné sin den phróiseas.

### **Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí**

Tá sé mar aidhm againn seirbhís den scoth a chur ar fáil dár gcustaiméirí ar fad. Má tá tú míshásta, ar chúis ar bith, le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, iarraimid ort an t-ábhar a chur faoi bhráid an aonaid nó an chomhalta foirne i gceist. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí amhlaidh de bhrí go gcinntíonn sé go bhfuil muid ar an eolas faoin bhfadhb agus gur féidir gníomhú chun an scéal a leigheas.

### **Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR)**

Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) isteach ar an 25 Bealtaine 2018 in ionad an chreat reatha um chosaint sonraí faoi Threoir um Chosaint Sonraí an AE.

Nuair a chláraíonn tú ar [publicjobs.ie](http://publicjobs.ie) nó má chuireann tú isteach iarratas, is féidir linn taifead ríomhaire a chruthú faoi d'ainm. Úsáidtear eolas a chuireann tú isteach le d'iarratas ar phost chun d'iarratas a phróiseáil. Má bhaintear úsáid as tríú páirtí chun d'iarratas a phróiseáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach eolas a thabhairt dóibh agus déanfar gach iarracht a chinntiú go bhfuil na sonraí slán. Má roghnaítear thú ón chomórtas earcaíochta agus roghnaithe, is féidir go gcuirfead d'iarratas ar fáil do rannóg na nAcmhainní Daonna san eagraíocht inar sannadh thú.

Le hiarratas a dhéanamh teacht ar do shonraí pearsanta, cuir d'iarratas chuig: [dpo@publicjobs.ie](mailto:dpo@publicjobs.ie) agus bí cinnte go ndéanann tú cur síos cruinn ar na taifid atá á lorg agat chun gur féidir linn na taifid chuí a fháil.

Tá eolas i dtaca le sonraí pearsanta iarrthóra atá i seilbh na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí leagtha amach ar leathanach Cosaint Sonraí de [www.publicjobs.ie](http://www.publicjobs.ie)

### **Ceartha na nIarrthóirí - Gnásanna Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnaithe**

Tá eolas faoi Nósanna Imeachta d'Athbhreithniú ar fáil ag:

[http://www.publicjobs.ie/restapi/documents/1893106\\_Review\\_Procedures\\_in\\_relation\\_to\\_the\\_Selection\\_Process.doc](http://www.publicjobs.ie/restapi/documents/1893106_Review_Procedures_in_relation_to_the_Selection_Process.doc)

### **Iarratais ar Aiseolas/Torthaí Trialacha a Athscrúdú**

Tá aiseolas maidir leis an phróiseas roghnaithe ar fáil má lorgaítear é. Níl aon tréimhse ama ar leith i gceist maidir le haiseolas a fháil maidir le hath-scrúdú. Tabhair faoi deara gur próiseas éagsúil an Próiseas Athbhreithnithe mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtas

agus go bhfuil tréimhse ama ar leith gur gá cloí leis i gceist. Níl sé riachtanach aiseolas a fháil chun athbhreithniú a lorg. Ní gá d'iarrthóir cás mionsonraithe a chur le chéile sula gcuirtear tús le hachomharc. Ní féidir an tréimhse ama atá leagtha amach i gCód an CPSA a shíneadh ar chúis ar bith, lena n-áirítear aiseolas agus/nó torthaí ath-scrúduithe.

### **Dualgais na nIarrthóirí:**

Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta,
- duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú
- cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.

### **Cód Cleachtais a Shárú**

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá sé/sí ciontach i gcion. Is féidir fineáil agus/nó príosúnacht, a chur ar dhuine atá ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar é/í mar iarrthóir agus tógfar amach as an chomórtas é/í;
- má ceapadh é/í i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an phost iad.

### **Rúndacht maidir le hEolas agus Ábhair**

Ní mór a chuimhneamh go bhfuil próiseas iomaíoch i gceist don phost agus go bhfuil ionracas fíor-thábhachtach. Is féidir go ndícháileofar duine ón chomórtas mar gheall ar ábhar scrúdaithe a roinnt le duine eile m.sh. trí na meáin shóisialta nó ar shlí ar bith eile. Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid den ábhar measúnaithe (aon téacs san áireamh agus nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach, lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an phróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, nó má sé/sí chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus / nó agra dlí air/uirthi as cailleanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.

### **Fearas Taifeadta a Úsáid**

Ní cheadaíonn PAS aon fhearas taifeadta a úsáid gan chead ina bhfoirgneamh. Baineann sin le taifeadadh fuaime ar bith nó pictiúir shocair nó taifeadadh físeáin de chineál ar bith cé acu an bhfuil taifeadadh fuaime i gceist nó nach bhfuil agus tá gach cineál feiste a úsáidtear don chuspóir sin i gceist.

Ní mór do dhuine ar bith gur mian leis/léi fearas dá leithéid a úsáid do cheann ar bith de na cúiseanna seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun príobháideacht na mball foirne agus na gcustaiméirí a chosaint chomh maith le hionracas an ábhair mheasúnaithe agus na bpróiseas measúnaithe.

Duine ar bith a úsáideann fearas taifeadta mar seo gan chead, tá sé/sí ag sárú an pholasaí seo. Is féidir iarrthóir ar bith a dhéanann sárú dá leithéid a dhícháiliú ón chomórtas agus d'fhéadfaí é/í a ionchúiseamh faoi alt 55 den Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004.

**Ba chóir go mbeadh a fhios ag iarrthóirí go ndícháileofar iad de bharr canbhasála.**

## Aguisín 1

### Inniúlachtaí d'Oifigeach Cléireachais

#### Táscairí um Fheidhmíocht Éifeachtach

Obair bhuíne	Léiríonn meas do chomhghleacaithe agus do chomhoibrithe
	Forbraíonn agus cothaíonn dea-chaidreamh oibre le daoine eile, roinneann eolas agus fios, de réir mar is cuí
	Cuireann a thuairimí agus a bharúlacha féin i láthair
	Tuigeann a (h)áit féin sa bhuíon agus déanann gach iarracht é sin a chomhlíonadh
Eolas Bainistíocht / Próiseáil	Tugann faoi gach obair ar bhealach críochnúil agus eagraithe
	Leanann nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann an fiúntas agus an bunús atá leo
	Coinníonn taifid ar ardchaighdeán ar féidir le daoine eile ciall a bhaint astu go réidh
	Baineann conclúidí cuí as eolas
	Molann bealaí nua le rudaí a dhéanamh ar bhealaí níos fearr agus níos éifeachtúla
	Ní miste leis/léi oibriú le cineálacha éagsúla eolais, m.sh., scríofa, uimhriúil, cairteacha, agus déanann áirimh, m.sh., uimhríocht, céatadáin srl
Torthaí a Sholáthar	Glacann freagracht as obair agus cuireann dlús leis go dtí an chéad leibhéal eile cuí
	Críochnaíonn obair go tráthúil
	Téann i dtaithí go gasta ar bhealaí nua chun rudaí a dhéanamh
	Seiceálann gach saothar oibre lena chinntiú go gcríochnaítear é ar ardchaighdeán agus saor ó bhotúin
	Úsáideann graiméar agus litriú ceart ag scríobh agus baineann conclúidí réasúnta as teoracha scríofa
	Aithníonn agus tuigeann an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla
	Léiríonn tionscnaíocht agus solúbthacht lena chinntiú go gcríochnaítear an obair
	Gníomhaíonn as a stuaim féin agus tá in ann breithiúnas a thabhairt ar cathain is gá treoir a iarraidh ó chomhghleacaithe nó ó bhainisteoir
Custaiméir Seirbhís Cumarsáid Scileanna &	Bíonn ag éisteacht go gníomhach le daoine eile agus déanann iarracht a mbarúlacha / riachtanais / a bhfuil uathu a thuiscint
	Tuigeann na céimeanna nó próisis a gcaithfidh custaiméirí gabháil tríothu agus tá in ann iad seo a mhíniú go soiléir
	Léiríonn meas, cúirtéis agus gairmiúlacht agus coinníonn smacht air/uirthi féin fiú ag déileáil le cúinsí dúshlánacha
	In ann a bheith diongbháilte nuair is gá agus in ann cumarsáid mhuiníneach agus údarásach a dhéanamh



	Déanann cumarsáid go soiléir agus go líofa, ó bhéal agus i scríbhinn
Speisialtóir Eolas Saineolas agus Féin Fhorbairt	Forbraíonn agus coinníonn na scileanna agus an saineolas atá riachtanach chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, m.sh. teicneolaíochtaí ábhartha, córais IT, scarbhileoga, Microsoft Office, beartais ábhartha srl.
	Tuigeann go soiléir ról, cuspóirí agus aidhmeanna agus conas a shuíonn siad isteach le hobair an aonaid
	Tá tiomanta d'fhorbairt phearsanta agus bíonn ag iarraidh go leanúnach feidhmíocht phearsanta a fheabhsú
Díograis & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí	Bíonn ag iarraidh go leanúnach feidhmiú ar chaighdeán ard agus seirbhís den scoth a sholáthar
	Freastal ar Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann
	Bíonn críochnúil agus coinsiasach, fiú le hobair ghnáthaimh
	Léiríonn díograis agus teacht aniar, agus bíonn buanseasmhach fiú ag plé le dúshláin agus constaicí
	Tá sé/sí ionraic agus is féidir brath air/uirthi
	Feidhmíonn go hionraic i gcónaí

### **EOLAS TÁBHACHTACH** **Téarmaí agus Coinníollacha**

*Dírítear d'aire air seo. Nuair a chuireann tú iarratas isteach, nó má lorgaíonn tú nó má dhéanann tú iarracht ábhar trialach a lorg, aontaíonn tú go nglacann tú leis na téarmaí thíos:*

1. Tá gach triail agus ábhar trialach faoi réir ag cóipcheart agus tá cosaint ar gach ceart. Ní féidir aon chuid de na trialacha /ábhair mheasúnaithe (aon téacs san áireamh agus nó roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann do fhreagraí) nó ábhar bainteach ( lena n-áirítear ábhar cleachtaidh agus/nó taithíochta) a atáirgeadh nó a chraoladh i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith lena n-áirítear modh leictreonach nó meicniúil, fótachóipeáil, priontáil, taifeadadh, scríofa nó eile, ag staid ar bith. Is coir é a dhéanamh agus is féidir go bhfágfaí as an phróiseas roghnaithe thú dá bharr. Má bhriseann duine ar bith an fhoráil seo, cé acu an iarrthóir nó duine eile é/í, nó a chuidíonn le duine(daoine) eile an fhoráil seo a bhriseadh, is féidir go gcuirfí an dlí agus / nó agra dlí air/uirthi as cailleanas cóipchirt nó maoin intleachtúil.
2. Féach ar Chód Cleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Féach go háirithe ar an nóta i Rannóg 4 - Dualgais na nIarrthóirí (féach thíos).

#### **Canbhasáil**

Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint má dhéanann siad iarracht canbhasáil a dhéanamh nó daoine eile a spreagadh canbhasáil a dhéanamh maidir lena n-iarratas go ndícháileofar iad agus bainfear amach as an phróiseas ceapacháin iad.

#### **Dualgais na nIarrthóirí:**

Níl cead ag iarrthóirí sa phróiseas earcaíochta:

- Eolas bréagach a thabhairt go feasach nó go meargánta.
- Duine ar bith a chanbhasáil, le haslú nó gan aslú.
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó cur as dó.

#### **Níl cead ag tríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon staid den phróiseas.**

Pionós sa chás nach gcomhlíontar na forálacha.

Aon duine a sháróidh na forálacha thuas, nó a chuideoidh le duine éigin eile na forálacha thuas a shárú, tá sé/sí ciontach i gcion.

above provisions is guilty of an offence. Dlífeadh fíneáil nó príosúnacht, nó iad araon, a chur ar dhuine a gheofar ciontach i gcion.

I gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion:

- Sa chás nach bhfuil sé/sí ceaptha chuig post, dícháileofar é/í mar iarrthóir
  - Sa chás gur ceapadh é/í de thoradh an phróisis earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.
3. Má ligtear do dhuine iarratas a dhéanamh ar an fheachtas seo, nó má thugtar cuireadh chuig agallamh, ní hionann sin agus a rá go nglacann PAS leis go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais ar fad.